STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Cros Ard, Mainistir Bhuithe deireadh an naoú haois

Bhí na crosa is túisce déanta as adhmad nó as miotal agus bhí siad i bhfad níos lú ná na crosa arda iontacha a fheicimid sa lá atá inniu ann.

I gcomparáid le clocha eile, is cloch measartha bog í an ghaineamhchloch.

Is éasca íomhánna a shnoí ar ghaineamhchloch - má tá duine oilte sa cheird sin!

Rinneadh macasamhla de shé chros arda, lena n-áirítear Cros Ard Mhainistir Bhuithe. Cuireadh ar taispeáint iad in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin. Ina dhiaidh sin, cuireadh ar taispeáint sa tSeapáin iad áit a bhfaca os cionn dhá mhilliún duine iad!

Tá cuid mhór foranna den Chríostaíocht ann, mar shampla, Caitliceachas, Protastúnachas, Eaglais Cheartchreidmheach an Oirthir etc.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann RIA Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy